**Bileog 4**

# Gairm sna hEagraíochtaí Gaeilge

Is minic a bhíonn eagraíochtaí Gaeilge ag lorg fostaithe nua i réimsí éagsúla. De ghnáth is ar Peig.ie agus ar Tuairisc.ie a bhíonn fógraí na bhfolúntas sin. Ní mar a chéile aon dá cheann acu – tá an-éagsúlacht sna heagraíochtaí agus sna róil a bhíonn á bhfógairt acu. Seo cuid de na heagraíochtaí:

- COGG
- Gaeloideachas
- Údarás na Gaeltachta
- Foras na Gaeilge
- An Foras Pátrúnachta
- Conradh na Gaeilge
- Seachtain na Gaeilge
- Oireachtas na Gaeilge
- Glór na nGael
- Cumann na bhFiann
- Gael Linn
- PEIG
- Roinn na Gaeltachta
- Gaelchultúr
- Gael Taca
- An Gúm
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Tuismitheoirí na Gaeltachta

**Samplaí de chúrsaí don ghairm seo:**

| Cód | Cúrsa | Cáilíocht | Institiúid/Ollscoil | Cód QR |
|---|---|---|---|---|
| DN520 | Nua-Ghaeilge | BA | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | |
| DN530 | Teanga, Litríocht agus Aistriúchán | BA | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | |
| CK104 | Ceol agus Gaeilge | BA | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| CK110 | Teangacha Domhanda | BA | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| CK304 | Gaeilge agus Dlí | BCL | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| TR447 | Stair/Gaeilge | BA | Coláiste na Tríonóide | |
| DC118 | Gnó agus Gaeilge | BA | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) | |
| LM044 | Teangacha Feidhmeacha | BA | Ollscoil Luimnigh | |
| GY101 | Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Taibhléirithe/Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| GY122 | Cumarsáid agus Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| Q540 (UCAS) | Teanga agus Litríocht na Gaeilge | BA | Ollscoil Uladh | |
| GY208 | Tráchtáil le Gaeilge | BComm | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Pleanáil agus Buanú Teanga | Dioplóma | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge | MA | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | |
| | Nua-Ghaeilge | MA | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | |
| | Léann an Aistriúcháin | MA | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| | Bainistíocht agus Gnó Digiteach | MSc | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) | |
| | Nua-Ghaeilge | MA | Ollscoil Mhá Nuad | |

Bileog 4

# Gairm sna hEagraíochtaí Gaeilge




**Údarás na Gaeltachta**

"Thosaigh mé ar Scoláireacht le hÚdarás na Gaeltachta díreach tar éis dom mo chéim a fháil ó Fhiontar & Scoil na Gaeilge i 2021. Bhog mé go Gaillimh agus bhí mé ag obair i Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh san Ardoifig sna Forbacha. Inniu, tá mé ag obair mar Chomhordaitheoir Cumarsáide san Údarás. Bíonn obair éagsúil ar siúl agam gach uile lá, agus níl dhá lá ar bith mar a chéile. Tá mé fíorshásta gur thapaigh mé an deis obair ar son phobal na Gaeltachta agus tá mé ag baint fíorthaitneamh as."

***– Aisling Ní Uigínn, Údarás na Gaeltachta***

**Samplaí de chineálacha post:**

- Oifigeach forbartha
- Oifigeach feidhmiúcháin
- Feidhmeannach cumarsáide
- Bainisteoir airgeadais
- Oifigeach margaíochta & caidrimh phoiblí
- Riarthóir oifige
- Bainisteoir abhcóideachta
- Staitisteoir/Taighdeoir
- Acmhainní daonna
- Innealtóir
- Comhordaitheoir tionscadail
- Feidhmeannach Teanga



**Glór na nGael**




**COGG agus Boird Oideachais & Oiliúna Éireann**

**Conradh na Gaeilge**



**Gaeloideachas**



**Físeáin faoi ghairmeacha sna heagraíochtaí Gaeilge:**

**Leabhrán Úrnua Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):**

**www.saoloibre.ie**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2024**